Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa Tionscail atá dian ar uisce agus teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce

(Tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 349/12)

Rapóirtéir: **Paul RÜBIG**

Comhrapóirtéir: **John BRYAN**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	An Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha
Dáta a glactha sa rannóg	22.6.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	13.7.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	580
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	200/0/3

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Mar chuid den Chomhaontú Gorm don Aontas, ní mór don Aontas beartas Eorpach nua a fhorbairt maidir le huisce le teann práinne, lena n-áirítear beartas cuimsitheach maidir le bainistiú inbhuanaithe uisce don tionscal a bheidh bunaithe ar úsáid an uisce a laghdú, ar an uisce a athúsáid agus a athchúrsáil, agus ar an truailliú uisce a laghdú, agus a bheidh dírithe ar thionscail atá dian ar uisce agus ar thabhairt isteach agus cur in úsáid de réir a chéile teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce. I bhfianaise an naisc atá ann idir an fuinneamh, an t-uisce, agus na hamhábhair chriticiúla, ba cheart ceann de cholúin straitéis thionsclaíoch an Aontais a dhéanamh den bheartas uisce.

1.2. Dá bhrí sin, teastaíonn treochlár ón Aontas chun tacú le tionscail an méid uisce a bhíonn á úsáid acu a laghdú de réir a chéile, le spriocanna soiléire ar feadh an bhealaigh agus cur chuige de réir na hearnála, agus an nasc atá ann idir an fuinneamh, an t-uisce, agus na hamhábhair chriticiúla á chur san áireamh ina iomláine. Dá bhrí sin, ní mór athbhreithniú a dhéanamh as seo go ceann dhá bhliain ar Straitéis Eorpach maidir le tionsclaíocht, sin agus ar doiciméid atá ag an Aontais maidir leis an gconair chun aistrithe. Ba cheart na saintréithe maidir le bheith tíosach ar uisce agus na dúshláin uisce atá le sárú ag gach earnáil ar leith a leabú sa chur chuige earnála sin, agus ba cheart é a bhunú ar chur chuige fadbhreathnaitheach a mbeidh roghanna ag gabháil leis, mar aon le measúnú tionchair agus riosca agus anailís ar na costais saolré.

1.3. D'fhonn earnáil nua teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce a thabhairt chun cinn, earnáil a bhféadfadh an tAontas ról lárnach a bheith aici ann, ní foláir beartas cuimsitheach an Aontais maidir le huisce a bheith ann maille le clár uaillmhianach cistiúcháin AE ionas go gcuirfí ar chumas an tionscail na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh i dteicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce. Ba cheart dreasachtaí cistiúcháin dearfacha a ghlacadh, amhail creidmheasanna cánach, rátaí dímheasa níos airde agus sásraí eile. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh freisin ar bhealaí nuálacha maoinithe chun tacaíocht phoiblí a chomhlánú, cuir i gcás an sluachistiú.

1.4. Ní mór don Aontas a bheith ina cheann feadhna ar fud an domhain maidir le teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce a fhorbairt, a mhonarú agus a úsáid, agus cáil dhomhanda a bhaint amach mar limistéar táirgthe a bhfuil lorg íseal uisce aige. Na teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce, is earnáil thionsclaíoch ar leith atá iontu, earnáil atá ina cuid de na teicneolaíochtaí glana. Mar sin, ba cheart go mbeadh na teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce tíosach ar fhuinneamh freisin. Ós éiceachóras tionsclaíoch inti féin í an teicneolaíocht ghlan, molann CESE conair aistrithe a chruthú don éiceachóras sin faoi cheann dhá bhliain, conair lena leagfaí síos spriocanna réadúla, dá uaillmhianaí iad, mar aon le plean le haghaidh maoirseachta agus scileanna.

1.5. Tá gá le níos mó béime ar thomhaltas uisce agus ar iarrachtaí athchúrsála agus gabhála uisce sna próisis formheasa le haghaidh suiteálacha tionsclaíocha nua agus ar chórais dreasachta le haghaidh tionscadail spárála uisce i ngléasraí atá ann faoi láthair. Tá riachtanais éagsúla úsáide uisce ag tionscail éagsúla, áfach, agus tá roghanna éagsúla acu chun bheith tíosach ar uisce. Ní mór prionsabal na neamhdhíobhála a thabhairt le chéile leis an gceart chun uisce a úsáid mar chuid de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, agus an méid sin a chomhlánú le tiomantas na dtionscal chun feabhas a chur de réir a chéile orthu féin a mhéid a bhaineann le bheith tíosach ar uisce trí bhíthin treochlár chuige sin.

1.6. Ní mór tosaíocht i bhfad níos mó a thabhairt don éileamh ar uisce agus do thomhaltas agus do stóráil uisce i straitéisí Eorpacha le haghaidh fhorbairt eacnamaíoch na n-earnálacha tionsclaíocha. Tá béim á cur ag CESE ar an bpríomhról atá ag an uisce sa gheilleagar ciorclach.

1.7. Ós rud é nach ionann úsáid an uisce Ó Bhallstát go Ballstát agus earnáil go hearnáil, is gá sonraí maidir le húsáid uisce sa tionsclaíocht i ngach Ballstát a thaifeadadh agus a thuairisciú agus na teicneolaíochtaí atá ann faoi láthair a mhapáil. Is gá na sonraí sin a bhailiú ar leibhéal na ngléasraí chomh maith, mar is é sin an chéad chéim chun próisis atá tíosach ar uisce a chur chun feidhme. Ní mór cearta maoine tionsclaíche a ailíniú leis na ceanglais is infheidhme maidir le trédhearcacht sonraí.

1.8. Ba cheart don Aontas smaoineamh ar Ardán Comhaontaithe Ghoirm a chur ar bun le haghaidh ionadaithe tionsclaíochta, ionadaithe talmhaíochta agus na saoránach, lena chur ar a gcumas comhairliúchán den scoth a dhéanamh faoin bpróiseas chun beartas nua uisce a fhorbairt a mbeidís sásta glacadh leis. A bhuíochas ar an mbuanchomhairliúchán sin go háirithe, ba cheart go mbeadh sé níos éasca deireadh a chur leis na bacainní reachtacha atá ar ghlacadh teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce i bpróisis thionsclaíocha, i bpróisis talmhaíochta agus i dteaghlaigh. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh sé ina chuidiú le nuashonrú rialta a dhéanamh ar phleananna gníomhaíochta atá le cur i bhfeidhm, amhail na conairí aistrithe don tionscal.

2. **Réamhrá agus barúlacha ginearálta**

2.1. Go ginearálta, tá acmhainní uisce in aghaidh an áitritheora ard san Eoraip i gcomparáid le háiteanna eile ar domhan, ach tá difríochtaí bunúsacha idir Tuaisceart na hEorpa/Lár na hEorpa agus réigiúin sa deisceart, arb iad éifeachtaí tosca aeráide ar acmhainní uisce is mó is cúis leis sin. I measc na bpríomhdhúshlán a bhaineann le timthriallta uisce tá: 1) tréimhsí níos faide de thriomach agus báisteach throm agus tuilte ina dhiaidh sin, rud a chuireann teorainn le rochtain ar uisce glan agus uisce inúsáidte araon; 2) méadú ar thomhaltas uisce mar thoradh ar dhaonra atá ag dul i méid nó atá níos comhchruinnithe agus ar fhorbairt eacnamaíoch chomh maith le méadú ar an éileamh ar uisce d'úsáid thionsclaíoch, talmhaíochta agus phríobháideach; agus 3) truailliú foinsí uisce a mhéadú de dheasca easpa cóireáil eisilteach. Tá réimse leathan truailleán nua amhail micreaphlaistigh, substaintí cógaisíochta, etc. á sú ag na foinsí uisce, agus ní shainaithnítear iad, i gcásanna áirithe, go dtí go mbíonn siad carntha i méideanna díobhálacha. Ní mór bearta a shainaithint agus iad a chur chun feidhme chun dul i ngleic leis na trí phríomhréimse dúshlán sin.

2.2. Is ábhar mór imní é an strus maidir le huisce, ceann atá ag dul i méid san Eoraip. De réir na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA), ar an meán ó bhliain go bliain bíonn tuairim agus 20 % de chríocha na hEorpa agus 30 % de mhuintir na hEorpa faoi strus de bharr cúrsaí uisce ([1]). Is éard is úsáid neamh-inbhuanaithe uisce ann an t-uisce a tharraingt ó na foinsí nádúrtha níos tapúla ná mar is féidir leis an nádúr é a athsholáthar. Tá cónaí ar 140 milliún duine i dtuairim is 60 % de chathracha móra (os cionn 100 000 áitritheoir) na hEorpa i limistéar/gar do limistéar ina mbíonn an róshaothrú sin ar screamhuisce ag tarlú ([2]). Gné an-mhór de sin is ea an tionchar diúltach a bhíonn ag tréimhsí tuilte ar an soláthar uisce tar éis báisteach throm a bhaineann leis an athrú aeráid (bíonn cathracha móra ag brath go han-mhinic ar fhoinsí screamhuisce a thagann ó aibhneacha).

2.3. I roinnt mhaith réigiún i nDeisceart na hEorpa, ní mór roghanna a dhéanamh le linn tréimhsí triomaigh idir uisce a choinneáil lena úsáid sa tionsclaíocht, sa talmhaíocht nó i dteaghlaigh. I réimsí áirithe tá an baol ann go ndíchuirfear tionscail ó limistéir atá faoi strus maidir le huisce, rud a fhágann go gcaillfear poist, go gcuirfear an geilleagar ar éagobhsaíocht agus go n-athrófar earnáil na tionsclaíochta.

2.4. Tá claonadh i mbeartas uisce an Aontais díriú ar an gcreat dlíthiúil maidir le cosaint agus bainistiú uisce, agus béim a leagan ar an truailliú agus ar an dóigh lena chosc. Is iad príomhbheartais uisce an Aontas a bhfuil tionchar acu ar an tionscal: an Treoir Réime maidir le hUisce; an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh; an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha; agus plean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú, atá ina chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip. Mar sin féin, is ar éigean atá trácht ar ghné an uisce i gconairí aistrithe thionsclaíoch an Aontais ná i dTuarascáil 2022 an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach.

2.5. Níl aon tagairt don uisce i bhfís an Aontais maidir le haistriú glas agus aistriú digiteach na tionsclaíochta agus éiceachórais na tionsclaíochta. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais ([3]), luaitear soláthar an uisce agus an séarachas mar phríomhearnálacha don aistriú glas i bhfonóta, ach níl aon tagairt eile don uisce sa doiciméad. Ní mór don Aontas aghaidh a thabhairt ar an mbeartas uisce leis an diongbháilteacht chéanna lena ndeachaigh sé i ngleic leis an ngéarchéim aeráide.

([1]) https://www.eea.europa.eu/highlights/water-stress-is-a-major.
([2]) https://www.eea.europa.eu/publications/92-9167-025-1/page003.html.
([3]) COM/2023/62 final

3. **An gá leis an uisce a chomhtháthú i mbeartas tionsclaíoch an Aontais agus cur chuige earnála a ghlacadh**

3.1. Tá seacht mbealach sna Ballstáit éagsúla le bainistiú a dhéanamh ar an mbeartas uisce agus ar an uisce féin, rud a chruthaíonn deacrachtaí suntasacha do shaoránaigh agus do thionscail. Ós uisce atá ar dhá thaobh teorann atá in 60 % d'uisce dromchla an Aontais, ní mór machnamh a dhéanamh ar chomhbheartas uisce an Aontais.

3.2. I mí an Mhárta 2023 ghlac an Chomhairle Eorpach an chonclúid seo a leanas: 'Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach Comhdháil Uisce 2023 na Náisiún Aontaithe agus an Clár Oibre Gníomhaíochta Uisce. Aithníonn sí an gá atá le gníomhaíocht fheabhsaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda maidir le huisce agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé go mbeadh cur chuige straitéiseach ag an Aontas i leith na slándála uisce' ([4]).

3.3. Ní mór don Aontas Beartas Inbhuanaithe Bainistithe Uisce le haghaidh na Tionsclaíochta a mholadh, ar beartas é a bheidh cuimsitheach agus bunaithe ar laghdú, ar théarnamh, ar athúsáid agus ar athchúrsáil, agus lena gcuirfear béim ar thionscail atá dian ar uisce agus úsáid teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce. Ní mór tosaíocht a thabhairt d'ordlathas cascáideach an uisce.

3.4. Níl tionscal ar bith ann nach bhfuil ag brath ar an uisce. Is í an tionsclaíocht is cúis le tuairim is 40 % de na hastarraingtí iomlána uisce san Eoraip ([5]). I measc na dtionscal is déine ar uisce san Aontas tá an mhianadóireacht agus an chairéalacht, an monarú, táirgeadh leictreachais, an tógáil, tionscal na gceimiceán, an talmhaíocht, táirgeadh bia agus dí, na teicstílí, an páipéar agus an laíon, an chógaisíocht, an teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide (TFC) lena n-áirítear lárionaid sonraí, tionscail na ngluaisteán, tionscal na cruach, na leasachán agus earnáil an iompair. Na sonraí atá ann maidir le hastarraingtí agus úsáid uisce san Aontas, áfach, tá siad thar a bheith sean agus easnamhach. Caithfear straitéis thionsclaíoch an Aontais maidir le huisce a bhunú ar shonraí arna mbailiú ar leibhéal an Aontais, i gcomhpháirt le Eurostat, le go bhféadfar forléargas leathan cuimsitheach a fháil. Is gá na sonraí sin a bhailiú ar leibhéal na ngléasraí chomh maith, mar is é sin an chéad chéim chun próisis atá tíosach ar uisce a chur chun feidhme. Sa bhreis air sin, tá an Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta ag obair ar ardán idir-inoibritheachta le haghaidh stóras sonraí domhanda.

3.5. Is léir gur gá cur chuige comhtháite AE a ghlacadh i leith beartais uisce, lena n-áirítear comhordú níos fearr ar na ceanglais reachtachta iomadúla atá ann mar thoradh ar na hearnálacha agus na húsáidí difriúla, na hearnálacha tionsclaíocha san áireamh. Anuas air sin, teastaíonn i bhfad níos mó uaillmhéine ar an leibhéal polaitiúil feabhas a chur ar an saol mór maidir le bheith tíosach ar uisce agus chun truailliú an uisce agus an tomhaltas uisce a laghdú laistigh de thionscail na hEorpa, go háirithe trí theicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce a thabhairt isteach de réir a chéile. Tá cur chuige earnála de dhíth chomh maith, áfach, ós rud é go bhfuil an-chuid difríochtaí ann ó earnáil go chéile maidir lena héasca atá sé dóibh a bheith tíosach ar uisce, ag brath ar oiriúint na dteicneolaíochtaí atá acu chun bheith tíosach ar uisce.

3.6. Maidir leis na hearnálacha tionsclaíocha éagsúla, ní mór anailís chuimsitheach a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach chun tagarmharcanna, treoirlínte agus córais tuairiscithe a bhunú maidir le forbairt inbhuanaithe timthriallta uisce sa todhchaí. Ba cheart a aithint go bhfuil roinnt acmhainní ann cheana lena dtugtar aghaidh go díreach nó go hindíreach ar thimthriallta tionsclaíocha uisce ar leibhéal an Aontais, amhail staidéar 2021 maidir le peirspictíochtaí an gheilleagair chiorclaigh earnáil teicstílí an Aontais ([6]), ach tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun na hearnálacha tionsclaíocha éagsúla lena mbaineann a chumhdach. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfar athbhreithniú ar na conairí aistrithe thionsclaíoch as seo go ceann dhá bhliain chun go gcuirfear san áireamh iontu an ghné a bhaineann le bheith tíosach ar uisce agus treochlár réadúil, dá uaillmhianaí é, chun go mbeifí níos fearr a mhéid a bhaineann le bheith tíosach ar uisce.

3.7. Tá gá le béim níos treise ar thomhaltas uisce agus ar iarrachtaí athchúrsála uisce sna próisis formheasa le haghaidh suiteálacha tionsclaíocha nua agus ar chórais dreasachta le haghaidh tionscadail spárála uisce ag gléasraí atá ann cheana. Tá riachtanais éagsúla ag tionscail éagsúla ó thaobh úsáid uisce de, áfach, agus tá roghanna/deiseanna éagsúla acu chun bheith tíosach ar uisce. Ní mór prionsabal na neamhdhíobhála a thabhairt le chéile leis an gceart chun uisce a ídiú mar chuid de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha. Ba cheart aitheantas a thabhairt don cheart sin agus ba cheart do na tionscail tiomantas a thabhairt go gcuirfidh siad feabhas de réir a chéile ar a suiteálacha chun go mbeidís níos tíosaí ar uisce de trí bhíthin treochlár chuige sin. Úsáidfear an tagarmharc tionsclaíoch leis an dul chun cinn ar an tiomantas sin a thomhas.

([4]) Cruinniú den Chomhairle Eorpach (23 Márta 2023) – Conclúidí.
([5]) https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Archive:Water_use_in_industry&oldid=196132.
([6]) Stór Foilseacháin JRC – *Circular Economy Perspectives in the EU Textile sector* (europa.eu).

3.8. Beidh tuilleadh brú ar thionscail an tionchar atá acu ar an gcomhshaol a laghdú agus éifeachtúlacht acmhainní uisce a fheabhsú, lena n-áirítear an úsáid uisce, idir úsáid dhíreach agus indíreach. Faoi mar atá an scéal i gcás dícharbónú agus fuinnimh, bíonn ar go leor tionscal dul i ngleic leis an ngá atá le hinfheistíochtaí ar mórscála chun a bpróisis táirgthe agus slabhraí luacha a dhéanamh níos tíosaí ar uisce agus chun a dtionchar ar cháilíocht an uisce a laghdú.

3.9. Agus iad i mbun aistriú go dtí sochaí atá neodrach ó thaobh carbóin de agus atá tíosach ar fhuinneamh agus ar uisce, ba ríthábhachtach go bhfanfadh na tionscail atá ag feidhmiú san Aontas iomaíoch i gcónaí agus nach ligfidís d'áiteanna eile ar domhan a bhfuil beartais mhífhreagracha shriantacha acu an lámh in uachtar a fháil orthu, rud as a dtiocfadh meath ar an táirgeadh, ar an aschur agus ar an bhfostaíocht san Aontas agus a d'fhágfadh nach mbeadh aon dul chun cinn ó thaobh uisce de ar an leibhéal domhanda. Na táirgí agus na seirbhísí a ndéanfar iad a fhorbairt san Aontas amach anseo agus aird á tabhairt ar an uisce, ní mór dúinn iad a chosaint ar allmhairí nach bhfuil chomh tíosach céanna ar uisce.

4. **Teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce agus bainistiú inbhuanaithe uisce**

4.1. Tá glacadh rathúil teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce sa tionsclaíocht agus ar fud réimsí eile ríthábhachtach chun go n-éireoidh le beartas uisce inbhuanaithe de chuid an Aontais. D'fhéadfadh na teicneolaíochtaí sin úsáid an uisce a laghdú go suntasach, sin agus idir an athúsáid agus an athchúrsáil a chur chun cinn, chomh maith le cáilíocht an uisce a fheabhsú agus sceitheadh fuíolluisce a íoslaghdú. Ba cheart cinnteacht an tsoláthair uisce sin – soláthar luaineach – a mhéadú trí chórais stórála uisce (ón mbáisteach agus ó thuilte) atá deartha go maith.

4.2. Tá roinnt teicneolaíochtaí ann cheana atá tíosach ar uisce. Seo a leanas roinnt de na príomhtheicneolaíochtaí atá in úsáid sa tionsclaíocht faoi láthair: athchúrsáil agus athúsáid uisce – cóireáil agus athúsáid fuíolluisce in oibríochtaí tionsclaíocha, d'fhonn an t-éileamh ar fhionnuisce a laghdú; measúnú agus barrfheabhsú próiseas tionsclaíoch chun úsáid an uisce a laghdú agus chun an méid uisce a chuirtear amú a laghdú; cur i bhfeidhm céime cúlosmóise seachas céim malartuithe ian le haghaidh fothuisce coire chun laghdú a dhéanamh ar an ualach salainn i ndiúscairt fuíolluisce athghiniúna; scagachán scannánach – eisíontais a bhaint as an uisce ar mhaithe lena hathúsáid chun críoch tionsclaíochta; mianadóireacht camrais agus fuíolluisce; daingneáin sreafa ísil – an úsáid uisce i bhfoirgnimh a laghdú trí ghnáthsconnaí, sconnaí cithfholcadáin agus leithris atá tíosach ar uisce a shuiteáil; uisciú silte agus an talmhaíocht bheacht – an úsáid uisce sa talmhaíocht a íoslaghdú agus an táirgeacht barr a bharrfheabhsú; cóireáil anaeróbach fuíolluisce (táirgeadh gáis bhitheolaíoch in éagmais ocsaigine le haghaidh táirgeadh fuinnimh – úsáid a bhaint as miocrorgánaigh chun truailleáin san fhuíolluisce a dhianscaoileadh d'fhonn eisilteach a tháirgeadh ar féidir é a athúsáid); uisce na báistí a bhailiú agus a stóráil lena úsáid le haghaidh uisciú, glantacháin nó úsáidí eile uisce neamh-inólta; córais iata – an úsáid uisce agus an méid uisce a chuirtear amú a íoslaghdú tríd an uisce a úsáidtear i bpróisis thionsclaíocha a athchúrsáil laistigh de phróiseas tionsclaíoch; ionadú ábhair – leas a bhaint as ábhair mhalartacha a dteastaíonn níos lú uisce uathu le haghaidh táirgeadh agus a bhfuil lorg uisce níos ísle acu.

4.3. Úsáideann roinnt mhaith tionscal teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce cheana féin. Is dea-shampla den mhéid sin earnáil na déiríochta in Éirinn, tír a onnmhairíonn táirgí déiríochta luach EUR 6,8 billiún as an 11 bhilliún lítear bainne a phróiseálann sí in aghaidh na bliana. Is é Tirlan an comharchumann déiríochta is mó in Éirinn atá faoi úinéireacht feirmeoirí, agus déanann sé tuairim is 11 000m^3 d'uisce a eastóscadh in aghaidh an lae ón abhainn agus na tollphoill áitiúla sa ghléasra próiseála is mó dá chuid i mBéal Átha Ragad, Contae Chill Chainnigh. Mar sin féin, a bhuíochas leis bpróiseáil a dhéanann sé agus na teicneolaíochtaí cóireála uisce atá aige, cuireann an gléasra thart ar 14 500m^3 d'uisce glan ar ais san abhainn áitiúil, an Fheoir, gach lá. Is limistéar caomhantais speisialta í an abhainn sin. Ciallaíonn sé sin go n-athghiníonn an gléasra déiríochta isteach is amach le 30 % d'uisce glan breise a chuireann sé ar ais san abhainn áitiúil. Tá cáilíocht an uisce a chuirtear ar ais isteach san abhainn chomh maith sin gur chabhraigh sé diaidh ar ndiaidh le cáilíocht na habhann a fheabhsú agus lena stádas mar limistéar caomhantais speisialta agus mar limistéar faoi chosaint speisialta a chosaint. Tá infheistíocht shuntasach déanta sa ghléasra cóireála fuíolluisce agus sna teicneolaíochtaí cuí.

4.4. Tá níos mó ná 1,6 milliún duine fostaithe san Aontas Eorpach ag tionscal na dteicstílí, cé go bhfuil an lámh in uachtar go mór ag tíortha na hÁise san earnáil sin. Tá tionchar mór ag an earnáil ar acmhainní uisce. Tá go leor truailleán sna teicstílí agus téann siad isteach i dtimthriall an uisce le linn do na teicstílí a bheith in úsáid agus is gá, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt orthu sin le creat rialála láidir. Áirítear ar na truailleáin sin micreachodanna de shnáithíní, oibreáin uiscedhíonta/ceimiceáin agus dathanna teicstíle. Ina theannta sin, meastar go mbeidh tionchar níos mó ná riamh ag an nganntanas uisce sna tíortha is mó táirgeadh ar chostais agus go gcuirfear teorainn leis an gcumas táirgthe. Is gá tuiscint a fháil ar shlabhraí luacha agus ar shreafaí ábhair san Eoraip agus ar fud an domhain. Tá dúshláin agus oibleagáidí amach romhainn freisin maidir le teicstílí iarthomhaltais a bhailiú agus a phróiseáil.

4.5. Ba cheart an creat rialála do ghnéithe den gheilleagar ciorclach a bhaineann leis an uisce a fhorbairt ar bhealach níos mionsonraithe go luath chun cur le straitéis an Aontais maidir le teicstílí inbhuanaithe. Luaitear sa straitéis gur gá geilleagar ciorclach a fhorbairt ach ní thugtar aghaidh go sainráite inti ar an ngá atá le hacmhainní uisce. Níl aon amhras, áfach, ach go mbeidh méideanna móra uisce ag teastáil chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm i dtionscal na dteicstílí. Ba ríthábhachtach na riachtanais atá ann ó thaobh taighde, forbairt agus oideachas maidir le timthriall an uisce de a shainaithint, agus maoiniú ón rialtas a bheith ann chuige sin. Ní mór spriocanna agus teorainneacha a shainiú freisin maidir leis an éileamh ar fhionnuisce, rudaí ba cheart a íoslaghdú trí na próisis a bharrfheabhsú (athchúrsáil). Ina theannta

sin, ba cheart don Aontas smaoineamh ar threochlár a bhunú chun aistriú de réir a chéile go dtí sprioc maidir le sceitheadh nialasach, agus aghaidh a thabhairt ar raon na n-ábhar truaillithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar a laghad.

4.6. Sampla eile de sin is ea tionscal an pháipéir a bhfuil ardacmhainneacht léirithe aige maidir le bearta chun tionchair dhiúltacha ar fhoinsí uisce a íoslaghdú nó a sheachaint fiú. Tá caighdeán réasúnta maith in úsáid an uisce ag tionscal an pháipéir san Eoraip mar atá ([7]), ach d'fhéadfaí tuilleadh feabhais a chur air. Sin rud a d'fhéadfaí a dhéanamh ach dlús a chur le cur chun feidhme na bpróiseas athúsáide uisce, trí na teicneolaíochtaí cóireála is nuaí a chur chun feidhme agus trí sprioc fhéideartha a leagan síos maidir le sceitheadh a bheadh gar don nialas laistigh de thráthchlár a bheadh uaillmhianach ach réalaíoch. Má chuirtear tacaíocht rialtais ar fáil d'fhorbairt agus do nuálaíocht i dtionscal an pháipéir san Eoraip, agus bearta chun an úsáid uisce a bharrfheabhsú, is féidir buntáiste eacnamaíoch a chruthú. Fachtóir eacnamaíoch i dtáirgeadh an innealra san Eoraip cheana féin is ea fios úsáid an uisce i dtionscal an pháipéir a bharrfheabhsú, agus tá na réitigh ar thángthas orthu ar an gcaoi sin curtha chun feidhme in earnálacha eile. In áiteanna eile ar fud an domhain, b'éigean gléasraí móra páipéir a dhúnadh mar gheall ar an tionchar an-diúltach a bhí acu ar an uisce máguaird.

4.7. Ba cheart na tionscail uisce (seirbhísí agus córais uisce agus gléasraí cóireála fuíolluisce) a bheith neodrach (nó fiú dearfach) ó thaobh na haeráide agus an fhuinnimh de agus slán ó thaobh na cibearshlándála de, á chur san áireamh gur bonneagar criticiúil iad. Tá samplaí maithe le fáil san Eoraip agus ar fud an domhain. Ar an taobh eile den scéal, d'fhéadfaí feabhas mór (bainistiú, díshalannú, ciorclaíocht uisce, éifeachtúlacht) a chur ar réigiúin ina bhfuil acmhainní uisce an-íseal.

4.8. Fearacht na mbeart aeráide agus fuinnimh a tionscnaíodh i bhformhór na dtíortha san Aontas, nuair a tugadh isteach ceanglais maidir le foirgnimh a insliú agus a aisfheistiú, ba cheart beartas a thabhairt isteach maidir le huisce a bhailiú agus a athúsáid i nach foirgneamh nua. Ó thaobh an tionscail de, ní foláir beartas a fhorbairt i dtaobh úsáid uisce léith le haghaidh úsáidí do-ólta. D'fhorbair an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) treoirlínte teicniúla, mar shampla, maidir le cur i bhfeidhm príomhphrionsabal bainistithe riosca d'fhonn na rioscaí sláinte agus comhshaoil a bhaineann le córas athúsáide an uisce a mheasúnú agus a bhainistiú ([8]). Mar sin féin, teastaíonn bealaí eile leis na teicneolaíochtaí atá ann faoi láthair agus le teicneolaíochtaí nua a chur i bhfeidhm ar bhonn níos córasaí, agus ba cheart timthriall iomlán an uisce a chur san áireamh nuair atá siad á gcur chun feidhme.

4.9. Ní mór an tAontas a bheith ina cheann feadhna ar fud an domhain maidir le teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce a fhorbairt, a mhonarú agus a úsáid, agus cáil dhomhanda a bhaint amach mar limistéar táirgthe a bhfuil lorg íseal uisce aige. Caithfear infheistíocht a dhéanamh sa taighde agus san fhorbairt, agus sa mhaoirseacht agus sna scileanna a theastaíonn i dtionscal an uisce chomh maith. Beidh gá le gairmeacha nua agus oibrithe oilte a bhfuil speisialtóireacht déanta ar an uisce acu chun tacú le cur amach a fháil ar theicneolaíochtaí nua úsáide uisce agus chun tacú lena gcur chun feidhme, lena n-áirítear úsáid na hintleachta saorga sa réimse sin. Féadfaidh an tAontas a bheith ar thús cadhnaíochta sa táirgeadh gorm agus sa mhargadh cóireála uisce tionsclaíche, ach béim a leagan ar phoist nua ardoilte a chruthú san Eoraip. Beidh cur amach ar phróisis spárála uisce ina phríomhinniúlacht agus ina eochairtháscaire feidhmíochta don tionscal amach anseo. Na teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce, is earnáil thionsclaíoch ar leith atá iontu, earnáil atá ina cuid de na teicneolaíochtaí glana. Ós éiceachóras inti féin í an teicneolaíocht ghlan, molann CESE conair aistrithe a chruthú don éiceachóras sin as seo go ceann dhá bhliain, conair lena leagfaí síos spriocanna réadúla, dá uaillmhianaí iad, mar aon le plean le haghaidh scileanna.

4.10. Is ríthábhachtach na comhairliúcháin agus rannpháirtíocht na gceannairí agus na n-ionadaithe i dtaca le beartas inbhuanaithe an Aontais a cheapadh i ndáil le cúrsaí uisce. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh glacadh forleathan leis an mbeartas uisce i measc shaoránaigh an Aontais. Ní cheadaítear athúsáid uisce i neart earnálacha agus dá bhrí sin cuirtear cosc ar phróiseas an gheilleagair chiorclaigh. Chun an fhadhb sin a réiteach, ní mór don Aontas íoscheanglais a thabhairt isteach maidir le cáilíocht agus faireachán uisce. Chuige sin, d'fhéadfaí Ardán Comhaontaithe Ghoirm a chur ar bun le haghaidh ionadaithe tionsclaíochta, ionadaithe talmhaíochta agus shaoránaigh an Aontais trína bhféadfaí smaointe agus saincheisteanna maidir le comhroinnt uisce, úsáidí uisce, agus tionscadail nuálacha a mhalartú. D'fhéadfaí struchtúir ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach a ionchorprú san Ardán. Bheadh sé d'aidhm ag Ardán Comhaontaithe Ghoirm an Aontais cabhrú leis an Aontas agus leis na Ballstáit na cinntí polaitiúla is gá a dhéanamh maidir leis an mbeartas uisce a thúisce is féidir. Ba thábhachtach freisin dlús a chur leis an idirphlé ar an uisce leis na hinstitiúidí áitiúla agus náisiúnta chun go spreagfar feasacht, faisnéis agus oideachas, atá struchtúrtha agus dírithe ar ghníomhaíocht, maidir le tábhacht straitéiseach an uisce mar acmhainn atá gann. A bhuíochas leis an mbuanchomhairliúchán sin, d'fhéadfadh sé freisin gurbh fhusa deireadh a chur leis na bacainní reachtacha atá ar ghlacadh teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce i bpróisis thionsclaíocha, i bpróisis talmhaíochta agus i dteaghlaigh.

([7]) https://www.africapulpaper.com/en/articles/water-usage-in-paper-mills.
([8]) https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC129596.

4.11. Ní mór beartas cuimsitheach uisce de chuid an Aontais a mheaitseáil le plean cistiúcháin AE atá chomh huaillmhianach céanna leis chun a chur ar chumas na dtionscal agus na n-údarás bardasach an infheistíocht riachtanach a dhéanamh i dteicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce. Ba cheart dreasachtaí cistiúcháin dearfacha amhail creidmheasanna cánach, rátaí dímheasa níos airde agus sásraí eile a thabhairt isteach. Ní mór na huirlisí agus na sásraí maoinithe ghlais (e.g. na critéir chomhshaoil, shóisialta agus rialachais agus an tacsanomaíocht) a chomhlánú le níos mó gnéithe le haghaidh úsáid an uisce, cinn a bheadh níos doimhne.

An Bhruiséil, 13 Iúil 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE